**Miontuairiscí an Bhoird Iniúchóireachta**
**Dáta: 6 Nollaig 2024**
**Suíomh: Sráid an Mhéara**

I láthair: Seamus McCarthy, ARC&C (Cathaoirleach)
Colette Drinan, Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchóireachta
Andy Harkness, Stiúrthóir Iniúchóireachta
Deirdre Quaid, Stiúrthóir Iniúchóireachta
Mitchell McIntyre, Leas-Stiúrthóir, rúnaí an Choiste Iniúchóireachta

**1. Socrú an chláir oibre**

Socraíodh an dréacht-chlár oibre.

**2. Breacadh síos aon choimhlinte leasa**

Níor tuairiscíodh aon choimhlint leasa maidir leis na míreanna a bhí le plé ag an gcruinniú.

**3. Miontuairiscí an chruinnithe roimhe seo, cúrsaí atá ag teacht aníos agus liosta gnímh**

Comhaontaíodh miontuairiscí an chruinnithe an 11 Deireadh Fómhair 2024 le mionleasuithe agus faomhadh iad le foilsiú ar inlíon agus ar shuíomh gréasáin na hOifige.

Rinneadh athbhreithniú ar an liosta gnímh agus pléadh é.

- Bhreac an Bord síos an dul chun cinn a rinneadh sa tionscadal chun athbhreithniú cáilíochta a dhéanamh ar gach achoimre reachtaíochta a cuireadh le chéile don bhunachar sonraí achoimre reachtaíochta agus chomhaontaigh an Bord spriocdháta nua do mhí Iúil 2025.
- Thug an Bord dá aire gur cuireadh le chéile feasachán teicniúil maidir le cásanna neamhthipiciúla sa soláthar agus eiseofar é in éineacht le hábhar guthaithe agus ceardlanna foirne in R1 2025. Dúnadh an pointe gnímh seo.
- Chomhaontaigh an Bord an gníomh a bhaineann leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach a dhúnadh ó tharla gur foilsíodh an feasachán teicniúil ar shuíomh gréasáin na hOifige agus gur tugadh teimpléid na litreacha teagmhála cothrom le dáta.

Maidir leis an tionchar a bheadh ag na hathruithe molta sa reachtaíocht cosanta sonraí ar an Oifig maidir le cearta agus oibleagáidí do shonraí pearsanta atá á gcoinneáil ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun tabhairt faoina chuid nó a cuid feidhmeanna, le I.R. Uimh. 610/2024, rinneadh roinnt leasuithe ar alt 60 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Leanfaidh an Oifig de theagmháil a dhéanamh leis an Roinn Dlí agus Cirt maidir le hathruithe eile atá molta.

**4. Baol atá ag Teacht Chun Cinn**

Níor thug an Bord dá aire aon bhaol nua atá ag teacht chun cinn.

**5. Clár iniúchóireachta airgeadais (páipéar A)**

Thug an Bord dá aire an páipéar inar tuairiscíodh an dul chun cinn maidir le cur i gcrích na n-iniúchtaí airgeadais do chuntais dheireadh na bliana fioscaí 2023. Is é seo a leanas toradh spriocanna iniúchóireachta airgeadais PTF de chuid na hOifige don bhliain 2024:

- Deimhníodh 97% de na cuntais, arna dtomhas de réir an láimhdeachais, laistigh de 9 mí ó dheireadh na bliana, i gcomparáid leis an sprioc 95%.
- Deimhníodh 71% de na cuntais, arna dtomhas de réir na huimhreach, laistigh de 9 mí ó dheireadh na bliana, i gcomparáid leis an sprioc 70%.

Luadh sa pháipéar chomh maith go bhfuiltear ag súil go ndeimhneofar i mí na Nollag an cuntas deiridh le tréimhse ag críochnú in 2022.

**6. Clár iniúchóireachta feidhmíochta (Páipéar B)**

Thug an Bord dá aire stádas na dtuairiscí speisialta leanúnacha.

**7. Iniúchtaí nua/ deiridh (páipéar C)**

Phléigh an Bord an páipéar agus aontaíodh na hathruithe a cuireadh i láthair a chur i bhfeidhm.

Aontaíodh na heintitis seo a leanas a bhaint ó liosta na n-iniúchtaí nua toisc gur bunaíodh na heintitis agus sannadh an fhoireann iniúchóireachta.

- Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach Óglaigh na hÉireann

Comhaontaíodh An Cheathrú Cultúir 1916 Teoranta a bhaint ó na táblaí toisc gur thit an bille lena mbaineann ar lár mar gheall ar lánscor na Dála agus an tSeanaid.

Cuireadh iniúchtaí chuntais deiridh na gcomhlachtaí seo a leanas i gcrích, agus dá bharr sin baineadh ó na táblaí iad.

- Cuntas Infheistíochta an Chiste Cosanta Taistealaithe

**8. Nuashonrú ráithiúil an Oireachtais (páipéar D)**

Phléigh an Bord an páipéar seo.

**9. Cuntas nochtuithe (páipéar E)**

Phléigh an Bord an páipéar, ina leagtar amach sonraí achoimre na gcásanna nochtuithe atá oscailte faoi láthair agus iad siúd atá dúnta ón gcruinniú deireanach.

**10. Tuairisc maidir le dul chun cinn ar chur i bhfeidhm straitéis na hOifige (páipéar F)**

Phléigh an Bord an páipéar agus cuireadh fáilte roimh an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an Oifig maidir le tabhairt faoi na gníomhartha straitéise atá taobh thiar de Ráiteas Straitéise na hOifige 2021-2025. Phléigh an Bord roinnt gníomhartha atá fós le déanamh atá ar an liosta sa pháipéar.

Chomh maith leis sin, phléigh an Bord an phleanáil do phlean straitéiseach 2026-2030. Tá sé i gceist ag an Oifig an chéad dréacht den phlean a ullmhú faoi mhí na Bealtaine 2025.

**11. Réamhchlár oibre agus dátaí sealadacha cruinnithe don bhliain 2025 (páipéar G)**

Chomhaontaigh an Bord dátaí cruinnithe 2025 agus an réamhchlár oibre agus rinneadh mionleasú amháin ar thráthúlacht míre a thagann aníos go bliantúil.

**12. Aon ghnó eile**

Beidh an chéad chruinniú eile de chuid an Bhoird Iniúchóireachta ar siúl ar an Aoine an 4 Aibreán 2025.